Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**8247/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0098(NLE)**

**AELE 34**
**MI 243**
**FL 16**
**ISL 16**
**N 18**
**EMPL 146**
**SOC 231**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 24 Aibreán 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 182 final - Annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil le leasú ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse<br>(Líne bhuiséid 07 20 03 01 – Slándáil Shóisialta) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 182 final - Annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 182 final - Annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.4.2025
COM(2025) 182 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil le leasú ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse**

**(Líne bhuiséid 07 20 03 01 – Slándáil Shóisialta)**

## IARSCRÍBHINN

**DRÉACHTCHINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE**

**Uimh. […]**

**an […]**

**lena leasaítear Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (‘Comhaontú LEE’), agus go háirithe Airteagail 86 agus 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is iomchuí leanúint de chomhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE i ngníomhaíochtaí an Aontais a chistítear ó bhuiséad ginearálta an Aontais agus a bhaineann le saorghluaiseacht oibrithe, comhordú scéimeanna slándála sóisialta agus bearta le haghaidh imirceach, lena n-áirítear imircigh as tríú tíortha.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú chun go bhféadfar an comhar leathnaithe sin a bheith ann ón 01 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

I míreanna 5 agus 14 d’Airteagal 5 de Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, cuirtear na focail ‘blianta airgeadais 2021, 2022, 2023 agus 2024’ in ionad na bhfocal ‘blianta airgeadais 2021, 2022 agus 2023’.

*Airteagal 2*

(3) Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis an fhógra dheireanaigh faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2025.

*Airteagal 3*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

* [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]

Rúnaithe

Chomhchoiste LEE